

LACHAIN DHEARG

Bhí fear bocht agus fear saidhbhir ina gcomhnuidhe fadó in Éirinn. Ar aon oidhche amháin, ar aon uair amháin rugadh mac agus inghean dóibhthe, mac don fhear bocht agus bhí sé an-bhocht. Tháinig an fear saidhbhir go dtí é, agus dubhairt sé leis go gcaithfeadh an bheirt pósadh nuair a bheadh siad bliain is fiche d'aois mar rugadh iad ar aon phoinnte amháin.

"Ní féidir sin a dhéanamh" adeir an fear bocht, "tá mise ro-bhocht, agus tá tusa ro-shaidhbhir, le mo mhac a bheith pósta ag t-inghean."

"Ná bac leis sin. Tá neart saidhbhris agam-sa dóibhthe."

Ní achar fada ina dhiaidh sin gur cailleadh an fear bocht agus a bhean. Thóg an fear saidhbhir an páiste isteach agus chuir sé ar sgoil é. Tháinig sé suas go dtí bliain is fiche le scoil agus le léigheann. Bhuail aithmhéala é ar an ghealtanas a rinne sé.

Bhí sé ag imtheacht as baile lá annsin. Thug sé an fear óg leis. Nuair a bhí sé ag ceann an turais bhí sé deireannach go maith trathnóna. Sgríobh sé leitir agus thug sé dó é. Dubhairt sé leis í a thabhairt dá bhean nuair a ghabhfadh sé abhaile. Chuaidh sé amúgha ar a bhealach a' teacht dó. Tháinig an oidhche air, agus casadh isteach i gcoill é. Bhí an fear bocht tuirseach. Chonaic sé bráca beag agus chuaidh sé isteach ann. Bhí sé tuirseach agus thuit sé ina chodladh. Tháinig siad isteach, triúr robálaidhe. Ba leotha an bráca. Dubhairt ceann aca é a mharbhughadh, agus dubhairt an bheirt eile gan é a mharbhughadh, gur mhór an feall, agus chuartaigheadar é, agus fuaireadar an leitir ina phóca. Léigh siad í. Bhí sé sa leitir, nuair a thiocfadh sé abhaile ag a bhean é a chur chun báis, sul dá mbeadh sé pósta le n-a inghean. Sgríobh na robálaithe leitir agus dubhairt siad sa leitir nuair a thiocfadh sé abhaile é féin agus an inghean a phósadh.

Nuair a bhí sin déanta aca dhúisigheadar agus cheistnigh siad é, céard a thug annseo é. D'innis sé dóibhthe cé an áit a raibh sé agus go ndeachaidh sé amúgha ar an mbealach. "Sbáinfidh muid-ne an bealach dhuit amáireach agus gabhfaidh tú abhaile slán." Nuair a tháinig sé abhaile léigh an bhean an leitir agus dubhairt sí go raibh an gealtanas déanta é a phósadh. Phós siad an lá céadna.

Tháinig an fear saidhbhir abhaile. Bhí sé le buile fá a inghean a bheadh pósta aige.

"Cuirim fá gheasa anois thú gan an dara béile a ithe ar aon bhord, agus gan an dara oidhche a chodladh ar aon leabaidh go dtugaidh tú an cleitín óir agam-sa atá faoi sgiathán na lachan deirge atá sa domhan thiar."

D'éirigh sé ar maidin agus d'fhág sé a bheannacht ag a bhean agus bhuail sé an bóthar. Bhí sé ag imtheacht go dtáinig an oidhche air. Chonnaic sé solas uaidh agus tharraing sé air. Séard a bhí ann teach ríogh. Bhuail sé an doras. D'iarr sé lóistín na hoidhche agus greim le n-ithe. Fuair sé sin agus fáilte. Tháinig an Rí go dtí é annsin. D'fiafruigh sé de cá raibh sé a' tarraingt. D'innis sé dhó. Chraith an Rí a chloigeann.

"Is iomdha fear maith" adeir an Rí, "ag dul annsin, agus ní fhaca mé aon fhear ariamh a' teacht ar ais. Acht ná stopfadh sé sin thusa. Ta crann ubhall agam-sa i mo ghairdín le linn mo shean-

aithreacha agus agus ubhlaí óir a d'fhásadh air. Níor tháinig ubhall ná bláth air le seacht mbliana. Má thagann tú ar ais, innseocha tú cé t-ughdar nach bhfásfaidís air, agus is maith a íocfas mise thú."

D'fhág sé slán agus beannacht aige ar maidin. tháinig sé ag tach ríogh eile san oidhche lá ar na bhárach. D'fíafuigh sé de cé raibh a tharraingt. D'innis sé dhó.

"B'fhéidir go n-eireochadh leat. Tá súil, má fhillidh tú go dtiubhraidh tú sgéal agam cén t-ughdar a bhí leis an sruthán fíona a bhí le linn m'athar agus mo shean-aithreacha dul anuas ag binn mo thighe go dtí le seacht mbliana ó shoin. Níor tháinig aon deoir ann ó shoin. Anois beidh tú ag imtheacht amáireach" adeir an rí leis. "Beidh tú ag imtheacht go gcasfar ar bhrúach fairrge thú. Beidh fear annsin ina shuidhe i mbád. Cuirfidh sé sin isteach ar thalamh an fhathaigh thú ina bhfuil an lacha dhearg."

Tháinig sé go dtí an bádóir agus d'iarr sé air é a chur anonn.

"Cuirfidh mé" ar seisean, "an fhad atá mé annseo." Nuair a bhí sé ag imtheacht ón mbádóir "tá súil agam" adeir sé, go dtiubhraidh tú sgéal agam cén t-ughdar go nár fhéad mé an bád seo a fhághail le seacht mbliana ach a' cur fear an fear i bhfus anonn agus an fear thall anall."

"Déanfad sin" ar seisean, "más féidir."

Bhuail sé suas go dtí caisleán an fhathaigh. Tháinig seanbhean mhór amach aige. D'fíafuigh sí de cá raibh sé ag dhul. D'innis sé dithe a thrioblóid ó thús mar d'innis mise dhuit-se anois. "Gabh isteach" adeir sí, "go dtuga mé greim le n-ithe dhuit. Má thagann an fathach isteach ní bheidh mé i ndon thú a shábháil air. Níl mé i ndon aon ughdar a thabhairt dhuit. Gabh isteach sa mballa annseo. Cluinfidh tú féin ar fad é."

Is gearr go dtáinig an fathach isteach. "Fágaim boladh an Éireannaigh a mháthair mhór."

"Ocras atá ort a mhic" ar sise. "Suidh anuas go n-ithidh tú do dhinnéar. Suidh anuas agus leig néal as do cheann, agus leig do chloigeann isteach i m'ucht." Thuit sé ina chodladh. Tharraing sí dual as a cheann. Dhúisigh sí é.

"Mo choinsias, a mháthair mhór" ar seisean, "ghortuigh tú mé."

"Ag brionglóid atá tú a mhic" ar sise. "An bhfuil fhios cé raibh mé ag cuimneamh air?" deir an tseanbhean. "is fadó an lá nach bhfaca mé an lacha dhearg, nó cá bhfuil sí?"

"Ní fhéadfá í a fheiceál le seacht mbliana" ar seisean. "Tá sí annsin amuigh sa gcrann ar an nead, agus ubh fúithi. Ní féidir í a mharbhughadh choidhche go dtugtar an ubh uaithi agus í a bhualadh faoin sgiathán dheis leis an ubh, agus marbhóchadh sé sin í."

"Sín siar agus codail sgathamh anois" adeir sí.

Shín. Tharraing sí dual eile. "Ghortuigh tú mé a mháthair mhór." "Brionglóidí atá tú" ar sise. "Tá rí ar a leitheide seo d'áit a bhfuil crann ubhall ina ghairdín nár fhás bláth ná uball air le seacht mbliana." "Tá ughdar maith leis" ar seisean. "Tá luch mhór ag gearradh na bpréamhacha. Nuair a mharbhóchaidh sé í sin tiocfaidh bláth agus ubhlaí air."

"Cén t-ughdar go bhfuil an rí a bhfuil sruthán fíona ag rith ag binn a thighe le seacht mbliana?" "Tá ughdar maith leis sin" ar seisean. "Eas mhór san abhainn sgus tá carraig ag bun na heasa. Tá frog faoin gcarraig. Nuair a mharóchaidh an frog tiocfaidh fíon mar a bhí sé ariamh."

"Cén t-ughdar atá leis an mbádóir atá sa mbád le seacht mbliana gan í a fhágáil.?"

"Tá ughdar maith leis" ar seisean. "An chéad fhear a thioctas go dtí é abruigheadh sé leis breith ar na maidí rámha agus féadfaidh sé féin í a fhágáil, agus fanfaidh seisean ann."

Chomh luath is d'eirigh an lá d'imthigh an fathach dó féin.

"Gabh amach annseo anois" adeir sí leis an bhfear óg, tá chuile ughdar agat chomh maith liom féin. Gabh anonn agus tabhair an ubh ón lachain dhearg. Bí dearbhtha nuair a eireochas sí í a bhualadh faoin sgiathán." Tháinig crith ar a lámh.

"Tabhair dom féin an ubh" adeir an chailleach. Bhuaile sí an lacha agus mharbhuigh sí í.

"Gabh anonn anois agus faigh an cleiteach óir agus bíodh ag imtheacht in do bhealach."

Tháinig sé go dtí an bádóir.

"Cén sgéal atá agat dom" adeir an bádóir.

"Tabhair anonn mé agus innseochaidh mé sin dhuit."

Nuair a tháinig sé amach ar an talamh, "an chead fhear a thioctas agat tabhair dó na maidí rámha agus fanfaidh sé in t-áit."

D'imthigh leis go dtáinig sé go dtí an teach a raibh an sruthán fíona ag rith ag binn an tighe. Bhí fáilte mhór roimhe.

"Cén sgéal atá agat dom" ar seisean.

"Marbhuigh an frog atá faoin gcarraig agus rithfidh an fíon mar bhí sé ariamh."

"Más fíor sin is maith é do luach saothair."

Fuair sé fir agus mharbhuigh sé an frog. Rith an fíon mar a bhí sé ariamh. Lión sé mála óir dó.

"Tabhair leat é seo ar son do sgéil."

Tháinig sé go dtí an rí eile annsin.

"Cén sgéal atá agat dom?" ar seisean.

"Nuair a mharbhóchas tú an luch atá faoi phréamhacha an chrainn beidh ubhlaí 's bláth air mar bhí sé ariamh."

"Más fíor sin is maith é do luach saothair." Lión sé mála óir dó. Thug sé capall dó le é a thabhairt abhaile.

Nuair a tháinig sé abhaile d'fíofruigh an fear saidhbhir de an raibh an cleite óir aige. Dubhairt sé go raibh.

"Tabhair dom é" ar seisean.

"Má d'iarr tú a thabhairt liom níor iarr tú orm é a thabhairt duit."

"Is fíor duit" ar seisean.

"Cé bhfuair tú an méid sin óir?" ar seisean. "Ní stopfaidh me choidhche go bhfágaidh mé an oiread eile."

“Ná stop go bráth” ar seisean, “go dtéidh tú go dtí an bádóir. Abair leis thú a chur anonn. Chuaidh sé go dtí an bádóir, agus d’iarr sé air é a chur anonn.

“Cuirfead” ars an bádóir, “acht beir ar na maidí rámha.

Tháinig an bádóir amach ar an talamh agus d’fhág sé an fear saidhbhir ag iomradh an bháid, ón lá sin go dtí an lá indiu.